(7) Tar éis dul in éag na dtréimhsí cosanta an 31 Nollaig 2025, bhí na sonraí lena mbaineann gan chosaint sa tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. Le hAirteagal 60(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 leagtar síos riail ar dá réir nach bhfuil sonraí a bhfuil a dtréimhse cosanta imithe in éag le cosaint arís. Ós rud é, mar thoradh ar an síneadh ar chosaint atá beartaithe maidir leis na sonraí lena mbaineann, go dtabharfaí cosaint arís do na sonraí sin, ba cheart an fhoráil sin a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le maolú ar an riail le haghaidh sonraí den sórt sin. Le linn na tréimhse ina raibh na sonraí lena mbaineann gan chosaint, cuireadh soláthróirí malartacha substaintí agus soláthróirí malartacha táirgí san áireamh sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 95 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ós rud é go bhféadfadh na soláthróirí sin tairbhiú de na costais arna dtabhú ag rannpháirtithe an chláir athbhreithnithe chun na sonraí sin a ghiniúint, ba cheart Airteagal 95(5) a leasú chun ligean d’úinéirí sonraí cúiteamh a éileamh ó na soláthróirí substaintí agus soláthróirí táirgí sin, má mheasann siad gurb iomchuí sin.

